

Na Móid (Na Módanna)

Bíonn iontas ar roinnt ceoltóirí clasaiceacha nuair a éisteann siad le ceol traidisiúnta den chéad uair mar mothaíonn siad nach gcríochnaíonn an ceol ar an nóta “ceart”. Má tá cleachtadh acu ar cheol eaglasta níl sé seo chomh neamh-ghnáthach mar léiríonn sé go bhfuil cineálacha éagsúla ceoil ann ó cheol clasaiceach an Iarthair. I gceol traidisiúnta na hEireann tá ceithre móid in úsáid go forleathan agus is furast iad seo a aithint ón nóta a gcríochnaíonn an ceol air. Ní chríochnaíonn an ceol i gcónaí ar an nóta is láidre agus braitheann sé ar an éisteoir an nóta is láidre a aithint ón cheol.

Na ceithre nótaí ar ar féidir ceol a chríochnú ná: doh, ray, soh agus lah. Má chríochnaíonn an ceol ar doh, agus má’s é doh an nóta is láidre sa cheol deirtear go bhfuil an ceol an ceol i mód doh. Don cheoltóir clasaiceach is ionann seo agus a rá go bhfuil an ceol i ngléas mór. Sna módanna a bhaineann le ceol eaglasta agus atá lonnaithe i bhfad siar sa stair tugtar an mód Iónach air seo. Tá níos mó ná 60% de cheol na hEireann sa mhód seo. I measc na n-amhrán agus foinn atá sa mhód seo tá Eibhlín a Rún, A Dhriomeann Donn Dílis, Róisín Dubh. Tá seacht nóta sa scála, an seacht nóta atá ar fáil i scála mór ach is féidir a seachtú nóta a íslíú, nós atá coitianta sa cheol traidisiúnta.

D – R – M – F – S – L – T - D

An dara mód is coitianta i gceol traidisiúnta ná an mód soh. Arís tá seacht nóta sa mhód seo agus tá sé cosúil le scála ag toiseacht ar G agus ag dul suas go G ard ar na nótaí bána ar an phiano. Má thosaítear ar C-lár, seo thíos na nótaí atá i mód soh.

(i) Sólfá tonach

S – L – T – D – R – M – F – S

(ii) Ag tosnú ar C-lár

C – D – E – F – G – A – Bb - C

Tá thart ar 15% de cheol na hEireann bunaithe ar an mhód seo, ina measc: Spailpín a rún, Bánchnoic Eireann O, The Blackbird, Hardiman the Fiddler.

Seo thíos na nótaí atá le fáil i mód ray (i) ag úsáid na nótaí bána amháin ar an phiano, agus (ii) ag toiseacht ar C-lár. Tá struchtúr ton, leath-thon, ton, ton, ton, leath-thon, ton, ag an mhód seo, agus tá thart ar 10% den cheol bunaithe ar an mhód seo.

(i) Nótaí bána ar an phiano

D - E – F – G – A – B – C – D

(ii) Ag tosnú ar C-lár

C – D – Eb – F – G – A – Bb - C

Solfa tonach

R – M – F – S – L – T – D - R

Samplaí de fhoinn sa mhód seo ná: Anach Cuain, The Boyne Water, Cailín deas Crúite na mBó, The Congress Reel.

Sé an mód deireannach an mód lah, an ceann is neamh-choitianta. Tá sé an-chosúil leis an gléas mion i gceol clasaiceach ach gan an seachtú nóta a bheith ardaithe ar chor ar bith. Samplaí de fhoinn sa mhód seo ná: An Cóisire, Bruach na Carraige Báine, The Dear Irish Boy, My Love Nell. Seo na nótaí den mhód seo.

(i) Sólfá Tonach

L – T – D – R – M – F – S – L

(ii) Ag tosnú ar C-lár

C – D – Eb – F – G – Ab – Bb - C

In amantaí bíonn meascán de dhá mhód in aon pháirt amháin. Ní minic a tharlaíonn sé ach nuair a tharlaíonn ‘sé an fhoirm is coitianta a bhíonn an ná an chéad cuid a bheith i mód soh agus an dara cuid i mód doh.

Chomh maith leis na móid seo, a mbíonn seacht nóta iontu uilig, tá dhá chóras scála eile ann. Sa chéad cheann tá cúig nóta ann - scála peantatonach agus an dara ceann a bhfuil sé nóta ann: scála heicseatonach. Tugtar scála mantach (gapped scale) orthu seo chomh maith. Tá an scála peantatonach an-chosúil leis an mód Iónach ach nach bhfuil 4ch ná 7ch ann:

Scála Peantatonach

D – R – M – S - L

Tá an scála heicseatonach cosúil leis an scála Iónach ach nach bhfuil 7ch aige. Tá foinn éagsúla le fáil sa cheol traidisiúnta a bhaineann úsáid as na scálaí seo ach níl ann ach céadtadán an-bheag den iomlán.

Scála Heicsatonach

D – R – M – F – S – L - D

Ceisteanna

1. Cad as a dtáinig na módanna?
2. Cad as a dtáinig tonúlacht mór agus mion?
3. Cén dóigh a mbíonn fhios ag an éisteoir cén mód ina bhfuil píosa ceoil?
4. Cén mód is coitianta?
5. Cén dara mód is coitianta? Déan cur síos air.
6. Ainmnigh ríl amháin nó amhrán amháin i mód lah.
7. Scríobh amach mód soh.
8. Cén mód is neamh-choitianta?
9. Cad is brí leis na scálaí peantatonach agus heicsatonach?
10. Cad is brí le scála mantach?